

Dís - le Siobhán Ní Shúilleabháin.

Téama an Scéil:

Baineann an gearrscéal seo le easpa tuisceana. Ní fhaigimid cur síos ar shaol na ndaoine seo. Is agallamh beirte é. Ag tús an scéil, shíl an fear go raibh gach rud ceart go leor. Ar dtús, dúirt a bhean chéile go raibh sí míshásta agus ansin dúirt sí nach raibh. Sin an saol pósta - easpa tuisceana idir fir agus mná!

Carachtair an Scéil:

An fear céile: Is **gnáthfhear pósta** é agus tá páiste amháin aige. Tá a fhios againn nach bhfuil sé bocht, mar tá stéig á ullmhú sa chistin. Oibríonn sé go crua, ach ní thuigeann sé go bhfuil a bhean ag obair sa teach. Nuair atá sé ag léamh an nuachtáin agus í ag iarraidh labhairt leis, ní éistean sé léi. Tá fearg air go raibh a bhean ag caint le strainséir agus gur thug sí eolas príobháideach di. Ach is **athair maith** é, mar tá sé buartha faoin leanbh agus a bhean ag obair lasmuigh den teach.

An bhean chéile: Is **gnáthbhean phósta** í agus tá páiste amháin aici. Tá saol compordach aici, mar tá stéig á ullmhú sa chistin. Níl post aici lasmuigh den teach agus tá sí faoi bhrú sa teach. Mothaíonn sí **uaigneach, dúdóite** sa teach, ach ní thuigeann a fear céile sin. Tuigimid go bhfuil saol measartha leadránach aici. Feicimid go bhfuil sí **cineálta** freisin, mar bhí trua aici don bhean óg agus í ag iompar clainne. Tá sí **saonta** fosta, mar d'fhreagair sí na ceisteanna don strainséir a tháinig chun tí.

An Greann sa Scéal:

Baineann an gearrscéal iontach seo le easpa tuisceana. Tá an bhean chéile ag iarraidh labhairt lena fear, ach níl sé ag éisteacht léi ar chor ar bith! Tá díomá ar an fhear nuair a chloiseann sé gur mhaith lena bhean chéile seasamh isteach don bhean óg. Ach ansin dúirt a bhean gur inis sí bréag sa tsuirbhé. Rinne a fear rud éigin uirthi an lá sin agus bhí sí crosta leis.

Barúl:

Thaitin an scéal seo go mór liom, mar tá sé iontach réalaióch. Feicimid sa scéal gnáthfhear, gnáthbhean agus gnáthchaidreamh. Ag tús an scéil, níl rud ar bith as bealach. Tá an leanbh ina chodladh sa phram, tá stéig á ullmhú sa chistin, agus tá seancharr sa gharáiste. Ach, ag deireadh ag scéil, tá an leanbh fós ina chodladh sa phram, tá stéig fós á ullmhú sa chistin, agus tá seancharr fós sa gharáiste. Níl aon rud athraithe.